

Eleathanach327

Dé Luain 30 Meán Fómhair 2019


Fáilte ar ais! Tá súil againn go raibh samhradh breá agaibh ar fad! Tá an E-leathanach ar ais agus beidh scoil nua ag obair linn. Beidh na daltaí i gColáiste Mhuire, Baile Átha Cliath 7, ag cabhrú linn i mbliana. www.colaistemhuire.ie Táimid ag súil go mór leis an obair a dhéanfaimid leo.

Cén fáth a bhfuil mí-ádh ag baint leis an uimhir 13?

Ceapann daoine áirithe sa domhan go bhfuil ádh ag baint leis an uimhir trí déag. Ní aontaíonn go leor daoine leis an ngrúpa seo. Ceapann daoine eile go bhfuil mí-ádh ag baint leis an dáta seo Aoine 13 Nollaig 2019.

Ceapann an t-eolaí Thomas Fensler in Delaware go bhfuil mí-ádh ag baint leis an uimhir seo mar go dtagann sí i ndiaidh uimhir a dó dhéag. Tá dhá mhí dhéag sa bhliain. Tá dhá réaltchomhartha dhéag ann.

Ceapann daoine eile go bhfuil mí-ádh ag baint leis an uimhir toisc gur uimhir chorr í. Anuas air sin, is minic a deir an glaoiteoir i gcluiche Bingo 'Mí-ádh' nuair a ghlaonn sé/sí amach an uimhir trí déag!



Frozen 2

Beidh an scannán 'Frozen 2' ag teacht amach ar an 22 Samhain 2019, sé bliana tar éis an chéad scannáin 'Frozen'.

Tá a lán daoine ag súil go mór leis. Rath mór a bhí i gceist leis an gcéad scannán agus tá gach duine ag súil leis an rud céanna don dara ceann.

Beidh dhá charachtar nua sa scannán. Níl mórán eolais eile againn ag an bpointe seo faoi. Níl aon rogha eile againn ach fanacht go dtí an lá mór!



Rugbaí

Bhí foireann na hÉireann agus foireann na Seapáine ag imirt in aghaidh a chéile Dé Sathairn. Bhí an cluiche ar siúl sa tSeapáin in Shizuoka.

An scór a bhí ann ag deireadh an chluiche: an tSeapáin 19 - Éire 12. Bhí áthas an domhain ar mhuintir na Seapáine. Chaith siad dearg agus bán. Bhí siad ag canadh sa staid in Shizuoka.

Ní raibh Johnny Sexton ag imirt ach imreoidh sé sa chéad chluiche eile. Beidh Éire agus an Rúis ag imirt Déardaoin in Kobe.

Tá an aimsir an-te sa tSeapáin. Tá go leor Éireannach sa tSeapáin don chorn domhanda. Tá siad ag foghlaim Seapáinise. Seo frása deas a d'fhoghlaim an Eleathanach inné - Dia Duit: Konnichiwa! (Konn-i-chi-wa)



Seo an sliabh is airde sa tSeapáin: Mount Fuji